Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Scoil Idirchreidmheach

Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie

Ríomhphost:oifig@gsbb.ie

17-02-17

A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Comhghairdeas leis na páistí ó Rang 3 (Caitríona & Bláthna) lena léiriú den dráma 'An Fathach Scoile', in amharclann Clasach Dé Máirt, an 14-02-17. Bhí siad ar fheabhas agus bhuaigh siad trí ghradam ar an lá. / ***Congratulations to Rang 3 (Caitríona & Bláthna) who performed their drama 'An Fathach Scoile' last Tuesday, the 14-02-17, in the Clasach Theatre. They were brilliant and took three awards back home with them on the day.***

Comhghairdeas le Rang 4 (Gormlaith) a ghlac páirt san Fhéile Scoildrámaíochta ar an gCéadaoin, an 15-02-17, i Scoil Chaitríona lena drama, 'An Baglady'(faoi dhaoine gan dídean agus Apollo House. Bhí siad ar fheabhas idir aisteoireacht agus ceol agus d'imigh an scéal go mór i gcionn ar an lucht féachana. / ***Congratulations to Rang 4 (Gormlaith) who took part in the 'Féile Scoildrámaíochta' last Wednesday, the 15-02-17, with their drama 'An Baglady' (about the plight of the homeless & Apollo House). They were brilliant in both their acting and singing and the story really touched the audience.***

Comhghairdeas leis na páistí a bhí ag rith i nDomhnach Bat ar an Déardaoin, an 16-02-17. D'éirigh thar barr leo. / ***Well done to all the children who ran in Newbridge House on Thursday, the 16-02-17. They ran very well in all their groups.***

Bhí Seachtain álainn Chairdis againn ar scoil an tseachtain seo a chríochnaigh le slabhraí ó na ranganna le rudaí deasa scríofa orthu faoi pháistí sna ranganna. ***We had a successful 'Friendship Week' in school that finished with all the classes presenting their friendship chains in the yard with lots of nice things written about the children on them.***

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Catherine Seoighe a bheidh ag tosnú linn sa réimse acmhainne/tacaíocht foghlama i ndiaidh an bhrisidh. / ***I would like to welcome Catherine Seoighe who will be working with the children as a learning support/resource teacher after the mid-term break.***

Leanaigí oraibh ag tabhairt tacaíochta don bhfeachtas 'Gaiscígh an Bhia' le torthaí úra & glasraí a sheoladh isteach i mboscaí lóin an bpáistí. / ***Please continue your great support for the Food Dude programme by sending in both fresh fruit & vegetables into school in your child's lunchbox.***

Iarraim oraibh, le bhur dtoil bheith ar an eolas faoi imeachtaí ar líne do pháiste. Coinnigh sábháilte iad! Ná ligigí do pháistí gléasanna leictreonacha atá ceangailte leis an idirlíon a thabhairt suas staighre agus coinnigh srian ar an méid ama a chaitheann siad ar ghléasanna leictreonacha. / ***Please be aware and informed of your child's online activity. Keep them safe! Don't allow children to bring devices with internet connectivity upstairs in the home and keep a close eye on the amount of time they spend on electronic devices.***

Beidh Lá Domhanda na Leabhar ar an Déardaoin, an 2-03-17, agus tugtar cuireadh dos na páistí gléasadh mar chairaictéir ó na leabhair ar an lá. / ***Thursday, the 2-03-17, is World Book Day, and the children are invited to dress up as their favourite character from a book.***

Mar eolas daoibh, beidh na páistí ag tosnú ar ais don scoilbhliain 2017-2018, ar an gCéadaoin, an 30-08-17. / ***Date for your diary: The children will be starting back on Wednesday, the 30-08-17, for the 2017-2018 schoolyear.***

Bainigí sult as an mbriseadh. / ***Enjoy the mid-term break.***

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)